Sonraíocht Nua

Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**January 2010**

# Stair

## Aonad Measúnaithe AS 1

**[AH111]**

AH111

**DÉARDAOIN 14 EANÁIR, IARNÓIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Roghnaigh rogha **amháin**.
Freagair ceist **1(a)** nó **1(b)** agus ceist **2** as an **rogha agat**.
Léirigh go soiléir ar do leabhrán freagraí cad é an rogha a rinne tú.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **1** agus i gceist **2(b)**.
Is fiosrú stairiúil é an t-aonad measúnaithe seo agus moltar d'iarrthóirí tarraingt as an ábhar cuí uile a ndearnadh staidéar air agus iad ag freagairt ceist **2(b)**.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

## Rogha 5: An Ghearmáin 1918–1945

Freagair ceist **1(a)** nó **1(b) agus** ceist **2**.

**1 Ceachtar acu**

**(a)** Mínigh an dóigh ar tháinig malairt chinniúna ar gheilleagar an Weimar ó 1919 suas go dtí Cliseadh Shráid Wall i Mí Dheireadh Fómhair 1929. [12]

**Nó**

**(b)** Mínigh an dóigh ar úsáid na Naitsithe na healaíona agus na meáin cumarsáide le smacht a choinneáil ar an Ghearmáin idir 1933 agus 1939. [12]

**2** Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann:

**Foinse 1**

Sliocht as cuimhní cinn Wilhelm Hoegner, arna fhoilsiú in 1963. Bhí Hoegner ina bhall de Pháirtí Shóisialta Dhaonlathach an Reichstag ó 1930 go dtí 1933 agus tá sé ag dul siar ar atmaisféar 24 Márta 1933 nuair a rith an Reichstag an tAcht Údaraithe le 444 vóta in aghaidh 94.

> Cuireadh fáilte romhainn le curfánna círéibeacha de "Tabhair dúinn an tAcht Údaraithe!" Bhí svaisticí ar a mbrollach ag ógánaigh a bhreathnaigh muid go sotalach, a chuir bac leis an bhealach romhainn agus a thug orainn cúrsa na slat a rith, agus iad ag tabhairt ainmneacha orainn mar "Muc an Láir" agus "Cráin Mharxach" i rith an ama. Bhí Áras Ceoldrámaíochta Kroll beo le fir armáilte an SA agus an SS a bhí ina seasamh i línte ag na bealaí amach agus i leathchiorcal taobh leis na ballaí ar ár gcúl. Bhí cuma bhagrach orthu. Agus tacht ina ghlór, léigh Otto Wels, ceannasaí ár bpáirtí, ár bhfreagra ar fhorógra an rialtais. Bhí sé ag fágáil slán le ré na gceart daonna agus é ag teacht chun deiridh. Ghuigh sé rath ar mhuintir na tíre a bhí á gcéasadh agus a bhí ag plódú isteach sna campaí géibhinn cheana féin mar gheall ar a ndearcadh polaitiúil, cé go raibh siad neamhchiontach.


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**Foinse 2**
Sliocht as alt in *The New York Times*, 19 Lúnasa 1934. Scríobh Frederick T. Ball, an comhfhreagraí i mBerlín, an tuairisc.

> Sa phobalbhreith inné, thacaigh 90% de vótálaithe na Gearmáine le seansailéir Hitler agus é ag éirí níos cumhachtaí fós. Iarradh ar mhuintir na Gearmáine vóta a chaitheamh ar cé acu a bhí siad i bhfabhar le tabhairt le chéile oifig an Uachtaráin agus oifig an tSeansailéara faoi cheannasaí amháin, Adolf Hitler, nó nach raibh. Is é a dhéanann an tacú seo ná cumhachtaí údarásacha, nach bhfuil a macasamhail ar fáil i dtír ar bith eile, a thabhairt do Sheansailéir Hitler. A fhad is a bhí breathnóirí ábalta a fháil amach, reachtáladh an toghchán mar is iomlán cuí i ngach áit agus níor sáraíodh rúndacht na ballóide. De réir cosúlachta, ní raibh dóigh ar bith ann lena fháil amach cad é mar a chaith daoine aonair an vóta. I rith an lae, bhí Trúipéirí Ionsaithe ina seasamh taobh amuigh de gach stáisiún vótála agus meirgí in airde acu ag iarraidh ar dhaoine "Tá" a vótáil. Seachas seo, níor cuireadh isteach ar na vótálaithe. Sa sluachampa géibhinn in Dachau, vótáil 1,554 "Tá" agus níor vótáil ach 8 "Níl", agus milleadh 10 vóta.

**Foinse 3**
Sliocht as *The German dictatorship* le Karl Dietrich Bracher, a foilsíodh in 1969.

> Is é slúan na réabhlóide dlíthiúla is mó a thugann léargas dúinn ar charachtar agus ar fhorbairt na Sóisialaithe Náisiúnta le teacht i gcumhacht. Bhí sé á dhearbhú i rith an ama ag lucht bolscaireachta na Sóisialaithe Náisiúnta, ag polaiteoirí, agus ag saineolaithe bunreachtúla, cé gur tús réabhlóide é táthcheangal Hitler a mbeadh tionchar mór tromchúiseach aici ar gach gné den saol, ba phróiseas iomlán dlíthiúil é chomh maith. Modhanna dlíthiúla a cheangal le haidhmeanna réabhlóideacha, bhí níos mó i gceist anseo, i ndáiríre, seachas cleas bolscaireachta agus níor chóir é a mheas faoina thábhacht.

**(a)** **Déan staidéar ar Foinse 1.** Cá húsáidí atá sí mar fhianaise ag staraí atá i mbun staidéir ar an Acht Údaraithe a rith i Márta 1933? [13]

**(b)** Na foinsí **uile agus** do chuid eolais féin in úsáid agat, meas a mhéid a bhí modhanna dlíthiúla in úsáid ag na Naitsithe le deachtóireacht Naitsíoch a chruthú idir Eanáir 1933 agus Lúnasa 1934. [35]

---

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

---


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers